



DEIS CHUN STAIDÉAR A DHÉANAMH AR FHSIC ARDLEIBHÉIL NA HARDTEISTIMÉIREACHTA AR LÍNE Ó DO SCOIL

Don scoilbhliain 2019/20, beidh Físic Ardleibhéil na hArdteistiméireachta ar fáil mar ábhar roghnach i do scoil. Beidh an cúrsa ar fáil ar líne sa scoil agus clúdófar gach gné den chúrsa Físice Ardteistiméireachta don 5^ú agus 6^ú bliain. Beidh an Fhísic á teagasc trí Ghaeilge ag múinteoir láncháilithe le taithí ar theagasc Físic na hArdteistiméireachta.

Sa chúrsa ar líne, beidh tú ag obair le rang-ghrúpa, cuid de na scoláirí a d'fhéadfadh a bheith i do scoil féin, ach beidh a bhformhór in iar-bhunscoileanna Gaeltachta eile. Beidh fáil agat ar sheomra ríomh-Mhoil i do scoil féin ina mbeidh áiseanna físchomhdhála. Beidh an méid céanna tréimhsí ranga agat agus a bheadh agat dá mbeadh tú ag freastal ar ghnáthrang Físice ag leibhéal na hArdteistiméireachta.

Ag an tréimhse ranga a bhíonn ar an gclár ama, rachaidh tú go dtí an ríomh-Mhol agus déanfaidh tú logáil isteach ar an gcúrsa. De ghnáth, feicfidh tú agus cloisfidh tú do ríomh-Mhúinteoir, do ghrúpa oibre agus na scoláirí lonnaithe in iar-bhunscoileanna eile. Beidh an múinteoir ag cur ceisteanna, páirteach i bplé agus ag léiriú turgnaimh. Déanfaidh tusa turgnaimh agus cleachtaí leis an ríomh-Mhúinteoir agus le scoláirí eile i do scoilse, agus eagrófar cuairteanna lasmuigh den láthair anois is arís. Beidh tú ábalta do chuid oibre a roinnt leis an múinteoir agus aiseolas agus cúnaimh duine-le-duine a fháil de réir mar is gá. Glac leis go mbeidh obair bhaile á fáil agat agus go mbeidh staidéar le déanamh agat i do chuid ama féin.

Beidh ort ríomhaire nó ríomhaire glúine a bheith ar fáil duit. Cuirfear múinteoir meantóra ar fáil duit i do scoil a thabharfaidh tacaíocht duit agus a dheimhneoidh gur féidir leat páirt a ghlacadh sna ranganna ar líne. Déanfaidh tú an scrúdú Ardteistiméireachta ar an ngnáthbhealach in 2021.

“Bíonn eispéireas nua ar an “bhfoghlaim chumaisc” ar fáil trí pháirt a ghlacadh sa chúrsa ar líne a bheidh mar ullmhúchán maith do thuilleadh foghlama, ag an tríú leibhéal agus ina dhiaidh sin.”

Má tá suim agat a bheith rannpháirteach sa chúrsa Físice na hArdteistiméireachta ar líne seo, téigh i gcomhairle le do scoil, le do thoil. Tabhair faoi deara, go bhfuil líon na n-áiteanna atá ar fáil don chúrsa seo teoranta agus dá bharr sin is féidir nach mbeidh an cúrsa ar fáil do gach scoil a chuireann foirm um léiriú spéise isteach.



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills**

Scéim Aitheantais
Scoileanna Gaeltachta

Más mian leat Físic Ardleibhéil a roghnú don Ardteistiméireacht, déan iarratas tríd an scoil roimh an Aoine 29 Márta 2019.